

1. Cad a rinne tú i rith na seachtaine?      What did you do during the week?
  
2. An ndeachaigh tú amach ar bhád nó  
long riamh?      Did you ever go out on a boat or  
ship?
  
3. An maith leat filíocht a léamh?      Do you like to read poetry?
  
4. Ar scríobh tú dán riamh?      Did you ever write a poem?
  
5. An maith leat bheith ag caint os  
comhair daoine eile?      Do you like to talk in front of other  
people?

**Cúla4 ar Scoil – Agallaibh Bheirte**

**TG4**

1. Bhuel, san aon chor an tseachtain seo, tá mé chun féachaint ar agallamh beirte.
2. Anois, sa Ghaeilge, bíonn neart spraoi le focail. Tá ana-chuid saibhreas sa teanga.
3. Agus níl áit go bhfeictear é sin níos minice ná in agallamh beirte.
4. Céard é féin? Bhuel, 'séard é agallamh beirte ná – nuair atá beirt ag comhrá lena chéile.
5. Agus bíonn comórtas san agallamh beirte. Bíonn siad le feiceáil timpeall na tíre, agus bíonn ana-chraic ag baint leis, go leor spraoi.
6. Céard a bhíonns ann? Bhuel, bíonn rithim in agallamh beirte. Bíonn comhrá idir bheirt agus bíonn rithim sna véarsaí.
7. Bíonn rím ann chomh maith cosúil le dán. Bíonn deireadh na bhfrásaí, bíonn an rím céanna *iontab*.
8. Bíonn greann ann. Go minic bíonn siad ana-ghreannmhair ar fad.
9. Agus dár ndóigh bíonn scéal le n-insint.
10. *So*, tá muidne chun féachaint le agallamh beirte a bhaineann le mairnéalach.
11. Sula ndéanaimid é sin, tá mé ag iarraidh go bhfeicfimis ar cúpla frása deasa a bhaineann le mairnéalaigh, a bhaineann le taisteal chomh maith.
12. Gur mhaith linn go mbeidh ar eolas agaibh roimh deireach an cheachta. *So*, féachaimid air sin anois.
13. Agus tá mé ag iarraidh go gcuimhneoidh sibh ar na frásaí seo agus muid á léamh.
14. Cúpla ceann a bhaineann le taisteal ar fharraige, mar shampla an ceann seo.
15. “ag imeacht de bharr na dtonn” Frása an-an-deas ansin. “de bharr na dtonn,” “ar na tonnta”.

**Cúla4 at School – Dialogs-in-Verse**

**TG4**

- Well, anyways this week, I'm going to look at a dialog-in-verse (two-person colloquy).
- Now, in Irish, there is a lot of fun with words. There is a great richness in the language.
- And there is nowhere this is seen more often than in a dialog-in-verse.
- What is it? Well, a dialog-in-verse is when two are conversing together.
- And there are competitions in dialog-in-verse. They can be seen around the country, and there is great craic with it, a lot of fun.
- What is it? Well, there is rhythm in a dialog-in-verse. There is a conversation between two people and there is rhythm in the verses.
- It rhymes as well, like a poem. The end of the phrases, they have the same rhyme in them.
- It is often humorous. Often, they are very funny altogether.
- And of course there is a story to be told.
- So, we are going to look at a dialog-in-verse that has to do with a mariner.
- Before we do that, I want us to look at a few nice phrases having to do with sailors, having to do with travel as well.
- That we would like you to know before the end of the lesson. So, let's look at that now.
- And I want you to remember these phrases as we are reading.
- A few that have to do with travel by sea, for example this one.
- “going from the top of the waves” A very, very nice phrase there. “from the top of the waves,” “on the waves.”

16. “gach cuan is gach aigéan.” Thaistéal mé i bhfad. “gach cuan is gach aigéan.” “every harbor and every ocean.” I travelled far. “every harbor and every ocean.”
17. Tá a fhios agaibh an tAigéan Atlantach atá idir muid féin is Meiriceá. You know the Atlantic Ocean between us and America.
18. “gach cuan,” áiteanna beaga ina mbíonn an fharraige. “every harbor,” small places where the sea is.
19. Agus “i dtíortha i bhfad i gcéin.” Tá seans ann go bhfuil an ceann sin ar eolas agaibh, “i bhfad uainn.” And “in countries far off.” Perhaps you know that one, “far from us.”
20. Anois, feiceann sibh go bhfuil a haon anseo. Cén fáth a bhfuil a haon anseo? Now you see number one here. Why is there number one here?
21. Bhuel sin é an chéad charachtar atá istigh san agallamh beirte seo. Well, that’s the first character who is in this dialog-in-verse.
22. Agus rachaimid ar aghaidh go dtí an dara cheann anois agus feicfimid céard atá a rá aige. And we will go ahead to the second one now and we will see what he has to say.
23. Agus sa cheann seo tá mé ag iarraidh go bhfeicfidh sibh an frása seo “Níl tír ar domhan ná rabhas-sa ann”, “nach raibh mise ann.” Agus téann sé tríd na tíortha ansin. And in this one I’m wanting you to see this phrase “There isn’t a land in the world that I wasn’t there,” “that I wasn’t there.” And he goes through the countries then.
24. Mar sin tá mise chun an t-agallamh beirte a léamh. Agus cé nach bhfuil beirt againn ann, is féidir libhse páirt a ghlacadh. Tá cúnaimh uaim leis seo. So I’m going to read this dialog-in-verse. And although there are two people in it, you can take a part. I need help with this.
25. Tá mise chun An Dá Mhairnéalach a thaispeáint. Tá beirt mhairnéalach ag caint lena chéile. I’m going to show The Two Mariners. There are two sailors speaking together.
26. Is tá mé chun an hata seo a úsáid don chéad cheann agus hata difriúil don dara ceann. And I’m going to use this hat for the first one and a different hat for the second one.
27. Bainigí triall as liomsa chomh maith má tá sibh in ann é a léamh ag an am céanna. Try this out with me as well if you are able to read it out at the same time.
28. Is seanmhairnéalach mise a sheol ar fud an domhain, Mar chaptaen cróga loinge ag imeacht de bharr na dtonn. I’m an old mariner who’s sailed all over the world, As the bold captain of a ship going atop the waves.

- 29.** Do thaisteal mé gach farraige  
gach cuan is gach aigéan,  
Is do chonaic mé na hiontaisí  
i dtíortha i bhfad i gcéin.
- I travelled every sea  
every harbor and every ocean,  
And I saw the wonders  
in distant lands.
- 30.** Is mairnéalach mise leis  
's is fada é mo scéal,  
Níl tír ar domhain ná rabhas-sa ann,  
Morocco, an Ailgéir,
- I am a mariner too  
and my story is long,  
There is no land on earth that I haven't been,  
Morocco, Algeria
- 31.** An Spáinn go dtí an Séalann Nua,  
New Guinea, an Astráil,  
An Ind, an tSín, an Airgintín,  
an Rúis is an Iodáil.
- Spain to New Zealand,  
New Guinea, Australia,  
India, China, Argentina,  
Russia and Italy.

**Ceisteanna**

1. Cé mhéad duine a ghlacann part in agallamh beirte?
2. An mbíonn agallamh beirte dáiríre?
3. Cé hiad na daoine san agallamh beirte seo?
4. Cá ndeachaigh na mairnéalaigh sa scéal seo?
5. Cén fáth go bhfuil dá hata ag an láithreoir?
6. Cén post a bhí ag an chéad mairnéalach?
7. Ainmnigh ceann de na tíortha a ndeachaigh an dara mairnéalach.

**Questions**

- How many people take part in a dialog-in-verse?
- Are dialogs-in-verse serious?
- Who are the people in this dialgo-in-verse?
- Where did the sailors in this story go?
- Why does the presenter have two hats?
- What job did the first sailor have?
- Name one of the countries the second sailor went.